


FÓRAM AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Paicéad Eolais maidir leis an
Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh
le haghaidh Eagraíochtaí na Sochaí
Sibhialta



LEARN - DISCUSS - CONNECT - SEEK ADVICE

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: buneolas

Ó bhí 2012 ann, tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (ECI) ina bhealach inar féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach clár oibre an Aontais a shocrú. Cuireann sé ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas tograí a mhúnlú maidir le saincheisteanna atá tábhachtach dóibh agus a bhaineann le réimse inniúlachta an Aontais.

Is féidir le grúpa de 7 saoránach den Aontas ó 7 mBallstát éagsúla beartais an Aontais a mholadh trí thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. A luaithe a chláraítear an tionscnamh, féadfaidh saoránaigh eile den Aontas an tionscnamh a shíniú ar líne, trí chóras bailithe tiomnaithe ar líne, nó ar pháipéar.

Má éiríonn leis an tionscnamh 1 mhilliún síniú bailí a bhailiú ó shaoránaigh 7 mBallstát ar a laghad, ní mór don Choimisiún Eorpach féachaint air agus cinneadh a dhéanamh conas obair leantach a dhéanamh i dtaca leis an tionscnamh.

Cén fáth ar uirlis éifeachtach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh do do chás?

A. Cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar do chumas tionchar a imirt ar cheapadh beartais:

Is ionstraim dhaonlathach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chuireann ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas Eorpach saincheisteanna atá tábhachtach dóibh a chur ar chlár oibre an Aontais. Is í an chéad ionstraim thrasnáisiúnta den daonlathas rannpháirtíochta den chineál sin í agus is nasc ríthábhachtach í idir saoránaigh agus institiúidí an Aontais. **Tá a rian fágtha ag tionscnaimh rathúla a bhí ann roimhe seo ar dhlíthe agus ar reachtaíocht an Aontais**, cuir i gcás.

- **Tá an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht! Tá uisce ann ar mhaithe leis an phobal, ní haon tráchtarra é!**

Seoladh an tionscnamh sin in 2012 agus ba é an chéad Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh riamh a bhailigh breis agus milliún síniú agus a d'aithin an Coimisiún Eorpach go foirmiúil. Rinneadh

iarracht leis an tionscnamh a chinntiú go ráthófar rochtain ar uisce óil agus ar shláintíocht do chách san Aontas, agus léirscaoileadh seirbhísí uisce a chosc. Mar fhreagairt ar bhrú poiblí agus ar shlógaí polaitiúil maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh sin, d'aithin an Coimisiún go raibh gá le beart a dhéanamh ina leith.

Mar thoradh nithiúil, in 2018, mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir an Aontais maidir le hUisce Óil agus béim láidir á leagan ar cháilíocht agus inrochtaineacht uisce buaire a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha.

- **Sábháiltear Cosmaidí Neamhchruálacha – Tugtar Gealltanais go mbeidh an Eoraip Saor ó Thástáil ar Ainmhithe**

Leis an tionscnamh sin ó 2022, iarradh go neartófaí toirmeasc an Aontais ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh cosmaidí. D'fhéach sé freisin le rialacháin maidir le sábháilteacht ceimiceán a athchóiriú, agus creat bainistithe ceimiceán a chinntiú atá slán inbhuanaithe nach bhfuil ag brath ar thástáil ar ainmhithe.

In 2023, mhol an Coimisiún Eorpach leanúint den toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus breithniú á dhéanamh ag an am céanna ar an ngá atá le hathruithe reachtacha chun an comhéadan idir an Rialachán maidir le Cosmaidí agus Rialachán REACH a shoiléiriú. Ina theannta sin, d'fhógair sé pleananna chun treochlár a fhoilsiú arb é is aidhm dó bealach eile a chur i bhfeidhm in ionad tástáil ar ainmhithe i measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán sa chéad ráithe de 2026.

- **Cuirtear deireadh le teascadh eití – Cuirtear deireadh leis an trádáil**

D'éirigh leis an tionscnamh sin 1,119,996 síniú a fháil i 27 mBallstát den Aontas agus iarradh leis ar an gCoimisiún beart a dhéanamh chun deireadh a chur le trádáil eití scaoilte siorcanna san Aontas, iad a easpórtáil agus a iompórtáil, chomh maith lena n-idirthuras tríd.

In 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a fhreagairt, agus gheall sé go gcuirfí tús, ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh, leis an monatóireacht ar thrádáil táirgí siorcanna trí rianú a dhéanamh ar na speicis is mó a thrádáiltear de shiorcanna. Mar obair leantach ar a ghealltanais sonraí iompórtála agus easpórtála níos mionsonraithe a fhorbairt san Aontas chun feabhas a chur ar staitisticí maidir le trádáil i dtáirgí siorcanna, chruthaigh an Coimisiún 13 chód taraife nua do shiorcanna agus dá n-eití. Leis na cóid sin, beifear in ann rianú a dhéanamh ar na speicis siorcanna is mó a thrádáiltear, an siorc gorm agus an mácó biorshrónach ina measc. Tháinig na cóid i bhfeidhm i mí Eanáir 2025. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí chun fianaise a bhailiú agus measúnú tionchair a dhéanamh ar thoirmeasc féideartha ar thrádáil eití scoite chun meastóireacht a dhéanamh ar raon beart beartais.

Idir an dá linn, tá gealltanais tugtha ag an Aontas na rialacháin atá ann cheana a fhorfheidhmiú agus a cheannaireacht a choinneáil ar bun in iarrachtaí domhanda caomhnúcháin. Cuimsítear leis sin glacadh beart idirnáisiúnta caomhnaithe agus bainistithe siorcanna a chur chun cinn agus tacú le toirmeasc domhanda ar theascadh eití siorcanna.

Léigh tuilleadh scéalta faoi thionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar éirigh leo.

B. Cuidíonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le feasacht ar thopaic a mhúscailt:

Trí thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh, déantar níos mó ná díreach sínithe a bhailiú. Ardaítear do cheist ar an leibhéal Eorpach. Ón uair a chláraítear do thionscnamh, faigheann tú infheictheacht ar leibhéal an Aontais agus cuireann tú tús le do rannpháirtíocht le hinstiúidí an Aontais, leis na meáin, leis an tsochaí shibhialta agus leis an bpobal i gcoitinne.

Ach feachtasaíocht a dhéanamh ar fud na mBallstát, leagann tú síos clár oibre na díospóireachta poiblí agus tugann tú an t-ábhar atá agat chuig pléití príomhshrutha an Aontais. D'fhéadfadh reachtaíocht nua a bheith mar thoradh ar do thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh fiú, ach idir an dá linn, tugtar an t-ardán agus an spás duit chun móiminteam a fhorbairt, chun lucht tacaíochta a shlógadh, chun pobal a chruthú timpeall ar do chúis, agus chun comhráite a spreagadh a théann i bhfad níos faide ná an comhthéacs náisiúnta.

Léirigh feachtais ar éirigh leo, cuir i gcás *Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta* agus *Deireadh leis an nGlofosáit*, an chaoi ar féidir le heagraithe tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh insintí a mhúnlú, tionchar a imirt ar thuairimí an phobail, agus brú a chur ar instiúidí freagra a thabhairt. Tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tá an deis agat leibhéal do chúise a ardú, agus daoine eile a thabhairt leat san fheachtas sin.

Roinnt de na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar éirigh leo agus an rath a bhí orthu sna Ballstáit

I roinnt de na Ballstáit, mar shampla an Ungáir, Málta agus an Laitvia, bhí an-rath ar na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh. Sa Spáinn, sa Ghearmáin agus san Iodáil, is minic a shroich na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh na tairseacha le haghaidh sínithe. Chuidigh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le leibhéal na díospóireachta a ardú ar na saincheistanna a chuireann na tionscnaimh seo chun cinn.

Conas tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

Incháilitheacht

Aon saoránach den Aontas Eorpach atá in aois vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha, féadfaidh sé tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Is iad seo a leanas an dá cheanglas:

- Ní mór go gcuirfeadh 7 saoránach den Aontas Eorpach atá ina gcónaí i 7 dtír éagsúla tús leis an tionscnamh.
- Ní mór go ndíreofar leis an tionscnamh ar ábhar a thagann faoi chumhachtaí an Choimisiúin togra le haghaidh gníomh dlí a thíolacadh, agus níor cheart é a bheith mí-úsáideach ná contrártha do luachanna an Aontais.

Is féidir tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais.

LEID

I roinnt Ballstát, is féidir le saoránaigh den Aontas tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a shíniú nó tús a chur le ceann agus 16 bliana d'aois slánaithe acu. Ina measc, sa lá atá inniu ann, tá an Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, Málta, an Ostair, agus an Fhionlainn, agus ó 17 mbliana d'aois sa Ghréig.

Amlíne agus na Príomhchéimeanna

CÉIM 1. Ar a laghad 7 saoránach ar an iomlán ó 7 mBallstát éagsúla agus atá incháilithe chun vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha, iad siúd a chomhdhéanann grúpa eagraithe tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus a dhéanann cuspóirí a dtionscnaimh a shainiú.

CÉIM 2. Cuireann na heagraithe a dtionscnamh faoi bhráid an Choimisiún Eorpaigh lena chlárú:

Sular féidir leat tosú ar shínithe a bhailiú, ní mór don Choimisiún Eorpach do thionscnamh a chlárú go hoifigiúil. Chun sin a dhéanamh:

- Ar dtús, cruthaíonn tú cuntas d'eagraithe, a úsáidfídh tú chun do thionscnamh a bhainistiú agus chun cumarsáid a dhéanamh leis an gCoimisiún le linn phróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó

na Saoránaigh.

- Ansin, cuireann tú do thionscnamh isteach lena chlárú trí thuairisc ghairid a thabhairt ar an mbeart atá beartaithe i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, mar aon le sonraí ábhartha, cuir i gcás cuspóirí do thionscnaimh, eolas faoi do ghrúpa d'eagraithe, aon mhaoiniú a fuarthas, agus doiciméid tacaíochta.
- Ní mór do do thionscnamh critéir dhlíthiúla shonracha a chomhlíonadh chun go gclárófar é. Mar shampla, ní mór dó teacht faoi chumhachtaí an Choimisiúin reachtaíocht a mholadh, níor cheart dó a bheith maslach ná contrártha do luachanna an Aontais, agus ní mór dó ceanglais fhoirmiúla a chomhlíonadh.

Tabhair do d'aire **nach gcláróidh an Coimisiún Eorpach ach tionscnaimh a chomhlíonann na ceanglais dhlíthiúla**. Déanfaidh sé measúnú ar an tionscnamh agus tabharfaidh sé freagra air laistigh de dhá mhí de ghnáth.

Má ghlactar le do thionscnamh, foilseofar é ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Ón uair sin i leith, beidh suas le **6 mhí** agat chun an dáta a chuirfear tús le bailiú na tacaíochta a roghnú.

CÉIM 3. Cuir tús le sínithe a bhailiú!

Nuair a bheidh do thionscnamh cláraithe agus an dáta tosaigh roghnaithe agat, **beidh 12 mhí agat chun ar a laghad 1 mhilliún síniú bailí a bhailiú ó shaoránaigh 7 mBallstát ar a laghad**.

Le bheith incháilithe chun tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a shíniú, caithfidh an lucht tacaíochta na critéir seo a leanas a shásamh:

- A bheith ina saoránaigh den Aontas, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu
- A bheith sean go leor chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha, 18 mbliana d'aois de ghnáth, ach is féidir síniú ag 16 bliana d'aois i roinnt tíortha, cuir i gcás an Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, Málta, an Ostair agus an Fhionlainn, agus 17 mbliana d'aois sa Ghréig.

A bheith cinnte na rialacha maidir le cosaint sonraí a leanúint agus úsáid a bhaint as na foirmeacha oifigiúla bailithe sínithe.

CÉIM 4. Cuir isteach na 1 mhilliún + síniú a bailíodh lena bhfíorú ag na húdaráis náisiúnta. Beidh suas le 3 mhí ag na heagraithe na sínithe a chur isteach chuig na húdaráis inniúla i ngach Ballstát.

Beidh 3 mhí eile ag na húdaráis ansin chun na ráitis tacaíochta atá bailí a fhíorú.

CÉIM 5. Cuir an tionscnamh agus na deimhnithe a fuarthas ó na húdaráis náisiúnta i gCéim 4 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena scrúdú.

Tá 3 mhí ag na heagraithe a dtionscnamh agus na deimhnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Is féidir é sin ar fad a dhéanamh tríd an gcuntas d'eagraithe. An méid a tharlóidh ina

dhiaidh sin, braitheann sé ar an gcéim sin.

CÉIM 6. Freagra a fháil:

- Tabharfaidh an Coimisiún Eorpach cuireadh don ghrúpa d'eagraithe freastal ar chruinniú ina mbeidh an deis acu a gcás a dhéanamh faoina dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.
 - Laistigh de mhí amháin tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach (Céim 5)
- Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh do na heagraithe freastal ar éisteacht phoiblí, agus díospóireacht iomlánach ina diaidh, agus an fhéidearthacht ann go dtiocfaí ar réiteach ar an ábhar.
 - Laistigh de 3 mhí tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach (Céim 5)
- Eiseoidh an Coimisiún Eorpach a fhreagairt mhionsonraithe ar an tionscnamh, i bhfoirm Teachtaireacht fhoirmiúil. Cuimsítear leis sin conclúidí dlíthiúla agus polaitiúla an Choimisiúin, aon bheart atá beartaithe aige a dhéanamh, agus na cúiseanna le beart a dhéanamh nó gan beart a dhéanamh ina leith.
 - Laistigh de 6 mhí tar éis an tionscnamh a bheith curtha isteach (Céim 5) agus tar éis na héisteachta poiblí i bParlaimint na hEorpa

Na príomhdhúshláin romhat: ceisteanna a bhíonn le réiteach ag eagraithe

- *Conas is féidir liom teacht ar shaoránaigh i dtíortha eile chun tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh in éineacht liom?*
- *Conas is féidir liom saoránaigh i dtíortha eile a spreagadh chun mo thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a shíniú?*
- *Conas is féidir liom m'fhoireann a struchtúró?*
- *Conas is féidir liom maoiniú a fháil le haghaidh tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?*
- *Conas is féidir liom buiséad a chruthú do mo thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?*
- *Ceard iad na cainéil is féidir liom a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis na saoránaigh?*

Tá na freagraí ar na ceisteanna sin le fáil inár nótaí teorach chomh maith le tuilleadh eolais ar **Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.**

Conas tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a reáchtáil

Chun feachtas le haghaidh tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a bhainistiú go rathúil, éilítear ullmhúchán straitéiseach, eagrú struchtúrtha, agus cur chuige cumarsáide inoiriúnaithe. Leagtar amach thíos na céimeanna riachtanacha agus na dea-chleachtais chun tacú le heagraithe le linn shaolré an fheachtais.

1. Cistí a dhaingniú agus ullmhúchán a dhéanamh ag céim luath

Tá sé ríthábhachtach cistí a fháil ón tús chun tacú le gníomhaíochtaí feachtais tosaigh, cuir i gcás forbairt suíomhanna gréasáin, mapáil comhpháirtithe, agus uirlisí cumarsáide a chruthú. Le tacaíocht airgeadais luath, cinntítear go bhfuil bunús láidir ann roimh an seoladh oifigiúil, rud a fhágann gur féidir tús spleodrach a chur leis an bhfeachtas agus móiminteam a choinneáil. Chun treoir mhionsonraithe a fháil maidir le straitéisí tiomsaithe airgid agus tuairisciú trédhearcach, moltar d'eagraithe féachaint ar an leathanach tiomnaithe maidir le conas cistí a thiomsú agus a thuairisciú go héifeachtach.

2. Róil shoiléire a shainiú laistigh den fhoireann

Nuair a bhíonn foireann dhea-struchtúrtha ann, agus róil acu a shanntar go soiléir, cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht agus ar chuntasacht. Chuir eagraithe feachtais a bhí ann roimhe seo i dtábhacht go gcuidíonn freagrachtaí a leagan amach go soiléir, cuir i gcás cumarsáid, gnóthaí dlíthiúla, agus for-rochtain náisiúnta, le forluí agus mearbhall a chosc, rud a chinntíonn go ndéantar gach gné den fheachtas a bhainistiú go héifeachtach.

3. Straitéisí feachtais a chur in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla

Tá sé ríthábhachtach teachtaireachtaí agus gníomhaíochtaí feachtais a chur in oiriúint do thimpeallachtaí cultúrtha agus polaitiúla gach tíre ar a ndírítear. Tá sé léirithe ag feachtais ar éirigh leo, cuir i gcás *Mo Ghuth*, *Mo Rogha*, go gcuireann tuiscint ar nósanna, cultúir agus stíleanna cumarsáide áitiúla go mór le rannpháirtíocht agus creidiúnacht i measc lucht féachana éagsúil.

4. Leas a bhaint as dátaí agus imeachtaí siombalacha

Ach gníomhaíochtaí feachtais a nascadh le dátaí siombalacha a aithnítear go forleathan, is féidir feabhas a chur ar infheictheacht agus ar spéis an phobail. Mar shampla, bhain an tionscnamh *Sábháiltear Cosmaidí Neamhchruálacha* úsáid éifeachtach as Lá Idirnáisiúnta na gCat chun clúdach sna meáin a mhealladh agus feasacht a mhúscailt. Bhain an tionscnamh *Cuirtear Toirmeasc ar Chleachtais Tiontaithe* leas as an móiminteam a ghabhann le Seachtain an Bhróid chun 700,000 síniú a bhaint amach laistigh de chúpla lá, rud a léiríonn an luach a bhaineann le hiarrachtaí feachtais a ailíniú le tarlúintí cultúrtha ábhartha.

Ionad Tacaíochta an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh duitse

Ardán ar líne ar mhaithe leis an gcomhoibriú is ea Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, atá ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais. Is é is cuspóir dó comhairle agus eolas a thabhairt d'eagraithe tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh nó do dhaoine a bhfuil suim acu sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Ionad tacaíochta ríthábhachtach atá ann chun eolas

praiticiúil a fháil, chun comhairle feachtasaíochta agus dlí a fháil, agus chun ábhair a bhaineann le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh a phlé.

Is í an eagraíocht neamhbhrabúsach Seirbhís Gnímh na Saoránach Eorpach (ECAS) a fheidhmíonn an t-ardán sin faoi chonradh leis an gCoimisiún Eorpach.

Sa rannán Treoraíocht phraiticiúil ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, tá fáil ar acmhainní luachmhara, ar ábhar teorach, ar scéalta ratha, ar thaifeadtaí de sheimineáir ghréasáin, agus ar thuilleadh eolais maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Cuireann an rannán Fiafraí de shaineolaí treoraíocht shaincheaptha, saor in aisce ar fáil maidir le topaicí éagsúla, na cinn seo a leanas ina measc: cúrsaí dlí (mar shampla, seiceáil a dhéanamh an dtagann an smaoineamh faoi réimsí ghníomhaíocht dlí an Aontais), straitéisí feachtais, tiomsú airgid agus eile.

Féadfaidh eagraithe dul i gcomhairle le teagmhálaithe freisin: Pointí teagmhála náisiúnta (lonnaithe laistigh den riarachán poiblí i bhformhór na dtíortha).

An chaoi ar féidir le saoránaigh tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

Is féidir teacht ar gach tionscnamh atá ar oscailt ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus iad a shíniú freisin. Chun tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, is féidir leat ráiteas tacaíochta a líonadh isteach ar líne nó ar pháipéar.

Tá na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh is déanaí atá ar oscailt lena síniú le fáil anseo.

An chaoi ar féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta tacú le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh

Mar eagraíocht, is féidir tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar bhealaí éagsúla, cuir i gcás páirt a ghlacadh i gcomhghuaillíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil baint acu le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, nó ceann a bhunú. Ach páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí

feachtais, cuireann tú le for-rochtain an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh. D'fhéadfá smaoineamh ar pháirt ghníomhach a ghlacadh i roinnt réimsí feachtasaíochta, cuir i gcás an abhcóideacht, an cur chun cinn, tógáil pobail, saineolas a chur ar fáil, taighde a chomhroinnt, iarrachtaí bailithe sínithe, tacaíocht airgeadais, agus/nó acmhainní daonna a sholáthar.

Is iad seo a leanas roinnt bealaí ar féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta rannchuidiú:

1. Tóg comhghuaillíochtaí agus glac páirt iontu

Straitéis bhunúsach d'fheachtais an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh a n-éiríonn leo is ea teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le comhpháirtithe ionchasacha, agus caidreamh láidir a choinneáil le heagraíochtaí gaolmhara. Mar shampla, chuir eagraithe *PsychedeliCare* tús lena bhfeachtas trí theagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta chun bunús an phobail a thógáil. Ar an gcaoi chéanna, bhunaigh *Mo Ghuth, Mo Rogha* líonra de bhreis agus 250 eagraíocht tacaíochta trí dhul níos faide ná an earnáil sláinte atáirgthe thraidisiúnta agus trí chomhoibriú le tionchairí ar na meáin shóisialta. Bhain a straitéis le comhghuaillithe nach rabhtas ag súil leo a earcú, cuir i gcás aisteoirí, bannaí ceoil, agus cumainn dreapadóireachta fiú. Chuidigh an cur chuige cuimsitheach cruthaitheach sin le tacaíocht a leathnú, le dul i bhfeidhm ar lucht leanúna éagsúil, agus le hinfheictheacht an fheachtais agus deiseanna cistiúcháin a mhéadú go suntasach.

2. Cuir chun cinn agus slóg

Bain úsáid as do líonraí, as imeachtaí agus as ardáin chun feasacht a mhúscailt, daoine a spreagadh chun an tionscnamh a shíniú, agus dul i dteagmháil le lucht déanta cinntí. Is féidir le d'inchreidteacht bhunaithe agus do rochtain ar spriocghrúpaí dlús a chur le bailiú sínithe agus borradh a chur faoi rannpháirtíocht an phobail.

3. Cuir acmhainní ar fáil

D'fhéadfadh tacaíocht airgeadais, am ball foirne, ionaid le haghaidh cruinnithe, nó uirlisí digiteacha a áireamh mar chuid den tacaíocht. Baineann go leor feachtas tairbhe ollmhór as ranníocaíochtaí comhchineáil lena laghdaítear costais oibríochtúla agus lena leathnaítear acmhainneacht for-rochtana.

4. Glac páirt i dtiomsú airgid agus i bhforbairt comhpháirtíochta

Tá dlúthcheangal idir comhghuaillíochtaí agus comhar agus tiomsú éifeachtach airgid. Tá i bhfad níos mó i gceist le tiomsú airgid ná tabhartais a iarraidh nó tacaíocht airgeadais a fháil. Is éard is tiomsaitheoir airgid maith ann duine a fhorbraíonn comhpháirtíochtaí straitéiseacha, a chuireann le hinfheictheacht feachtias, agus a chuireann go gníomhach le tógáil agus le bainistíocht pobail. Chun deiseanna cistiúcháin a leathnú, tá sé ríthábhachtach acmhainní níos leithne a fhiosrú, cuir i gcás Clár Trédhearcachta an Aontais, tairseacha trédhearcachta náisiúnta, nó bunachair sonraí chistiúcháin idirnáisiúnta, ar féidir leo cuidiú chun comhpháirtithe eagraíochtaí neamhrialtasacha, fondúireachtaí agus urraitheoirí corparáideacha féideartha a shainaithint. Is bealach luachmhar eile é comhar na hearnála poiblí, comhpháirtíochtaí le heintitis phoiblí, maoinitheoirí a thacaigh le

tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh chomhchosúla roimhe seo, nó tacaíocht institiúideach trí dheontais ón Aontas, cuir i gcás an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) san áireamh. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag eintitis chorparáideacha freisin mar urraitheoirí. Mar shampla, fuair *Sábháiltear Cosmaidí Neamhchruálacha* tacaíocht airgeadais ó bhrandaí amhail The Body Shop, Dove agus Unilever, ag gearáil infheictheacht branda agus spriocanna comhroinnte maidir le freagracht shóisialta chorparáideach.

Mar shampla, is trí chomhoibriú idir 170 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta ar fud na hEorpa a cuireadh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar éirigh leis dar teideal '*Ná Coinnímis Ainmhithe i gCásanna Feasta*' le chéile. Chuidigh an ról a bhí ag gach ceann acu leis an rath a bhí ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Seo a leanas roinnt de na heagraíochtaí a thacaigh leis an tionscnamh sin:

Is féidir le d'eagraíocht freisin an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a úsáid chun obair a dhéanamh ar son do chúise!

Tagairtí breise

- Suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh:
 - An chaoi a n-oibríonn sé
 - Conas tosú
 - Cosaint sonraí
- Suíomh gréasáin Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh:
 - An rannán 'Treoraíocht phraiticiúil'
 - Conas sínithe a bhailiú
 - Conas tionscnamh a ullmhú le haghaidh clárúcháin
 - Conas comhpháirtithe a chuardach
 - Conas cistí a thiomsíú
 - Conas feachtas a eagrú
 - An rannán 'Fiafraí de shaineolaí', áit ar féidir leat comhairle dhlíthiúil agus feachtasaíochta saor in aisce a fháil

- Teagmhálaithe áitiúla: Pointí teagmhála náisiúnta agus Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

Faigh an t-eolas is déanaí!

- Liostáil leis an nuachtlitir mhíosúil (EN+ 23 theanga) le go gcoinneofar ar an eolas thú faoin scéala is déanaí maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: <https://citizens-initiative.europa.eu/newsletter/subscribe>
- Glac páirt i ngrúpa Facebook an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh